AMÁRAĊ

3d

Iml. 11. Uim. 22. 4ú Meiṫeaṁ. 1965.

Guṫ na Gaeltaċta

Foillsiṫe gaċ Diardaoin.
Nuaċtan seaċtainiúl na Gaeltaċta.
Áḃar fógraíoċta agus eagarṫóireaċta ċuig:— AMÁRAĊ, Ceanannus Mór.

EAGARḞOCAL. 4-6-1065.

EAGRAS

IS GÁ EAGRAS DON ĠAELTAĊT. Eagras a ḃfuil údarás acu labairt ṫar ċeann pobal na Gaeltaċta, agus riaċtanaisí na Gaeltaċta a ċur ós coṁair an tsaoil. Is rí ṁinic a dúramar é sin ċeana, aċ ní miste a rá arís, agus arís eile. Tá sé le tuiscint níos soiléire ó rud a ṫárla an tseaċtain seo caite sa Dáil. Bítear ag cur ceisteanna go minic fá céiḃeanna agus rudaí eile insan nGaeltaċt. Cuireaḋ na ceisteanna seo fá'n ċéiḃ nua atá le tógáil ag Cill Rónáin fé ḋó nó fé ṫrí. Noċtaíoḋ bunrúta an scéil sa Dáil an tseaċtain seo caite. Níl na hiascairí sásta leis an ċaoi atá sé measta an céiḃ a ṫógáil. Ní ḟeileann sé dóiḃ, ná dá gcuid tráiléirí. Deireann Fiontán Ó Cuagáin agus daoine eile go ḃfuiltear ag tógáil an ċéiḃ seo le ḃeiṫ feiliúnaċ do C.I.É. cé gur airgead Gaeltaċta atá ag íoc as. Nuair a brúaḋ an scéal i láṫair an Aire, dúirt an tAire gur glacaḋ coṁairle le iascaire na Gaeltaċta. Nuair a brúaḋ tuilleaḋ é, noċt sé gurb iad innealtóirí Bord Iascaiġ Ṁara a ṁeas seisean a ḃí in ann labairt ṫar ċeann pobal na Gaeltaċta.

IS DEACAIR A ḞEICEÁIL CÉARD EILE a ḃeaḋ anseo aċ dearg-amaidí. Dream aṁáin de Stát-Seirḃíseaċ, nó leaṫ-Stát-Seirḃísí ag labairt le dream eile Stát-Seirḃíseaċ, agus iad a rá go ḃfuil údarás acu labairt ṫar ċeann pobal na Gaeltaċta.

MAR ADEIRIMÍD. Deiṁníonn sé an géarġá atá le eagras Gaeltaċta, go dtig leo tuairim agus iarrataisí agus riaċtanaisí pobal na Gaeltaċta a ċur ós coṁair an tsaoil, agus a ṫaḃairt le fios go ḃfuil siad ag labairt le h-údarás ar son na Gaeltaċta, agus gan ligint do gaċ duine a dtig sé ina ċeann, a rá gur eiseann atá ag labairt ṫar ċeann pobal na Gaeltaċta. Aċ. an ceann is measa go fóill, nuair a ċíonn muid Stát-Seirḃísí as Baile Áṫa Cliaṫ ag glacaḋ sin orṫa féin. Tá deacraċtaí i mbealaċ eagrais Gaeltaċta ceart go leor. An ceann is mó acu, go ḃfuil na ceantair sin scarṫa an ṁórán óna ċéile, agus go ḃfuil costas an trom le cruinniṫe a ṫaḃairt le ċéile, má tá na h-ionadaiṫe ón a ceantair ar leiṫ, le teaċt le ċéile. Sin an ualaċ ba ṁó a ḃí le h-iompar ag Muintir na Gaeltaċta ina gcuid cruinniṫe go raiḃ sé ró ċostasaċ ar na baill.

MÁS RUD É GO ḂFUIL dearcaḋ nua a' teaċt i gcúrsaí Roinn na Gaeltaċta, ar ndóiġe, ní fál go h-aer é. Tá deontais tugṫa do ṁórán eagrais tuaiṫe eile le blianta anuas. ċun caḃrú leo, an eagras a oibriú go h-eifeaċtúil. Níl aon rud insan tslí ar an ceart agus cotrom céanna a ṫaḃairt do ṗobal na Gaeltaċta ċun go mbeaḋ ar a gcumas teaċt le ċéile, agus a ngnóṫaí féin a stiúraḋ. Is rud é nar ṁiste maċnaiṁ air gan a ṫuilleaḋ moille. Bí an t-am ann, agus toisc ċoṁ dona agus a ḃí an scéal a dul idir Roinn na Gaeltaċta agus Muintir na Gaeltaċta, gur ḋiúltaiġ Muintir na Gaeltaċta, fiú cur isteaċ ar a leiṫéid de ḋeontas. D'féidir go mbeaḋ aer nua ar an dá ṫaoḃ anois, agus go ḃféadfaí teaċt ar réiteaċ a d'fágfaḋ eagras níos éifeaċtaí ann ċun labairt ṫar ċeann na Gaeltaċta.

NÉAL BRÓIN AR GAEILGEOIRÍ NA TÍRE

Omós Mór do Ṡíle Ní Ḋubgain

BA ḂRÓNAĊ TUBAISTEAĊ AN SCÉAL É TÚS NA SEAĊTAINE SEO GO RAIḂ SÍLE NÍ DUḂGAIN INDIAIḊ BÁS A FÁIL.

Ní ḋeaċaiḋ duine frío Coláiste Ulaḋ. Gort a' Ċoirce le leiṫċead blian naċ raiḃ sár aiṫne acu ar Síle agus ní raiḃ duine acu naċ raiḃ go maiṫ diṫe.

Bí saol fada caite aice ar ṁaiṫe leis an Teanga Gaeilge agus is fada a ḃéas cuiṁne uirṫi imeasc na sluaite a d'ḟoġlaim a gcuid Gaeilge i gColáiste Ulaḋ.

Ní lugaiḋe a mbeiḋ cuiṁne buan uirṫi ina paráiste féin i nGaoṫ Doḃair agus i gCloiċeannaola ar oibir sí coṁ dian ar a son.

Tugaḋ an corp na ḃaile go Gaoṫ Doḃair agus indiaiḋ Aifreann Solúnta na Marḃ i dTeaċ Pobail Ḋoire Beaga ċuaiġ an torraṁ ba mó a ċonnaicṫeas le fada léiṫe go roiliġ Ṁaċaire Gaṫlain.

Bí A.D.C. an Uaċtaráin i láṫair ṫar ceann Éamonn De Ḃalera agus maiṫe na tíre idir cléir ⁊ tuata.

Beiḋ cuntas iomlán againn an tseaċtain seo ċugainn.

LÁ MÓR I NGARM SCOIL ṀIC DARA

LITRÍOĊT ḂEÓ AG CRUINNIÚ SCOIL ÉIGSE ⁊ SEANĊAIS

BÍ le mór ar fad i gCarna an tseachtain seo caite Diardaoin Deasgabhla nuair a tháinig tionáil bliantúil na Scoil Éigse agus Seanchais le chéile sa nGairm scoil nua.

D'éirigh go seoigh leis an gcruinniú agus réitigh údaraisí Garmscoil Mhic Dara chuile rud comh breá sin go raibh gach duine thar a bheith sásta.

Bhí toradh an breá ann ó thaobh cumadóracht agus litríocht de agus thug sé cruthamhnas eile ar comh maith agus tá ag éirí leis na Scoileann Éigse agus Seanchais.

Seán Mac Eochagain, T.D., a bhí i gceannas agus ba mhaith spreagúil mar a labhair sé. Faoi treoir an múinteora tighis réitigh cailíní na scoile béile an a bhlasta ar fada do na cuairteoirí.

I gCeard-Scoil Mhic Dara, Cárna, Co. na Gaillimhe, tionóladh ollchruinniú de na Scoileanna Éigse agus Seanchais atá á reachtail le tamal de bhlianta faoi Choiste Ghairmoideachais Cho. na Gaillimhe, Seán Uas. Mac Eochagáin, T.D., a bhí i gceannas ar an gcruinniú, mar ar léigh na teachtaí saothar na scol. Bronnadh duaiseanna orthu seo leanas:—

Filíocht nuacheaptha: 1, Tomás Mac Eoin, an Cheathrú Rua; 2, Peadar Mac Con Iomaire, Aile Thiar; duais faoi leith: Tomás Ó Soioda, Carn Mór.

Agallamh beirte: 1, Una agus Bríd Ní Dhonnchadha, Ros a' Mhíl; 2, Colm Ó hIarnáin agus Pádraig Cuach, Eoghanacht, Arainn.

Gearrscéal: 1, Seán Ó Coisdealbha, an Tulach; 2, Peadar Mac Con Iomaire, Aille Thiar.

Dospóireacht: Colm Mac Craith, Glinnsce, Eamonn Ó Conghaile, Cárna.

Ar an gcomhluadar a bhí i láthair bhí an Dr. Oirmh. Eiric Mac Fhinn, an tAth. Oirmh. Tadhg Ó Móráin, agus Seán Uas. Ó Dochartaigh, Príomh-Oifigeach Choiste Ghairmoideachais, Cho. na Gaillimhe.

Donnċa O Laoire Marḃ

D'aḃar bróin do Gaeil i ngaċ páirt den tír an scéala fá ḃás tobann Donnċa Uí Laoire. Ḃí sé ina sláinte go hiomlán an lá céanna go dtáinig taom tobann air a ba trúig báis do.

Ḃí sé ina rúnaí ar Ċomḋáil Náisiúnta na Gaeilge le blianta agus rinne sé mórán le céimiúlaċt na Gaeilge a ardú agus an teanga a ḃrú un cinn imeasc luċt gnó.

Ba as Gaeltaċt Inse Géimleaċ i gCorcaiġ é. Ḃíoḋ sé ag craolaḋ go rialta faoin ainm gnó Laoiseaċ Ó Dea.

AERÍOĊT AGUS LÚṪĊLEASA IN UARÁN MÓR

Le comhoibriú Chomhairle Pharáiste Uaráin Mhóir agus craobhacha Thamhain agus Chairn Mhóir de Chonradh na Gaeilge, tionóladh Aeríocht agus Lúthchleasa i bPáirc an Chlochair, Uarán Mór, Dé Domhnaigh, an 30ú Bealtaine. Cuireadh suim faoi leith san dán nuacheaptha "Ard-Eaglais Nua na Gaillimhe "a cheap agus a d'aithris Mícheál Ó Síoda, Scoil Éigse agus Seanchais Chairn Mhóir agus freisin san Agallamh Breite "An Túirne agus an Mhonarcha" a d'aithris Mícheál Ó h-Eidhin agus Seán Mac Giolla Léith as an Scoil Éigse agus Seanchais chéanna. Chomh maith le míreanna ó na Grúpaí Cultúrtha Gaeilge (Gairm-Oideachais) sa gceantar, bhí cór, rinnceoirí, aithriseoirí agus amhránaithe ó Chlochar na Toirbhirte, Uarán Mór. Ghníomhaigh An Sáirsint S. Ó Dubhghaill, Mearaí, mar stiúrthóir na lúthchleasa agus bhí Liam Ó Donnchadha, T.G., mar fhear árdáin. Tré Ghaeilge a fógraíodh míreanna na lúthchleasa.

COISREACAḊ EASBOG RAṪ BOṪ

BEIḊ COISREACAḊ EASPAG NUA RAṪ ḂOṪ INSAN ARD TEAMPALL I LEITIR CEANAINN. AR AN DOṀNAĊ, AN 27Ú LÁ D EṀEIṪIṀ. TOSNEOIḊ AN TEARMANAS AR A 12 A' ĊLOG LÁ AN LAE.

Ṫug an tEaspag nua cuairt ar Leitir Ceanainn ag deireaḋ na seaċtaine, agus ḃí sé insan Ard Teampall agus insan Ċoláiste, agus scairt sé ag teaċt na Sagart ċoṁ maiṫ.

Fógraíoḋ dáta an ċoisreacú i nGaeilge ag na hAifrinn uiliġ, ar an Doṁnaċ seo caite. Cuireaḋ fáilte roiṁ an Easpag, agus geallaḋ dó go mbeaḋ paidreaċa agus dílseaċt sagairt agus pobal an deoise aige.

Tá na céadta teaċtaireaċtaí coṁġáirdeaċas dá ḟáil ag an Easpag, i dTeaċ na Sagart, ar an tSraiṫ Bán.

Teaċ Pobail Úr Reiḋ in Inis Bó Finne

TÁ obair mhór ar fad déanta ag pobal agus cuid fear Inis Bó Finne, taobh amuigh de Ghort an Choirce.

Tá siad indiaidh Teach Pobail nua—Teach Pobail Muire na nGrás, a thógáil ar an Oileán, agus rinneadh an obair uilig go deonach, ag ceardaithe ón Oileán agus ón pharáiste.

Seo an triú Séipéal a tógadh ar Oileán i ndeoise Rath Fóth ar na mallaibh. Is mór an ais an ceann seo do phobal an chuid seo de Chloichcheannaola, ar b'éigin dóibh go dtí seo, dul treasna na farraige go dtí Teach Pobail Ghort a' Choirce.

Tá 120 áit i dTeach an Phobail. Chomh maith le Teach an Phobail a thógáil, rinn muintir an Oileáin iad fhéin na suiocháin, atá déanta de Oregon Pine.

Tá 11 fuinneogaí ar an Séipéal, agus tá leagan amach an deas uirthí. Tá an Altóir de réir na riachtanaisí nua den Liturgí, agus beidh an Sagart ag féachaint ar an phobal fhad agus atá sé ag léamh an Aifrinn. Tá turas na nGrás-tógtha i dTeach an Phobail fosta, agus taobh amuigh de Theach an Phobail, tá scrín den Mhaighdean Mhuire.

Tá an chuid is mó den bhuíochas fá choinne na hEaglaise ag dul do Sagart na Paráiste, an t-Athair S. Ó Síghil, a chuir an obair ar bun ar tús. Seo an chéad uair a bhéas Teach Pobail foscailte ar an Oileán, cé go ndeirtear go raibh ceann ag na Mánaigh fadó ar Oileén in aice leis—Inis Dubhaí, nach bhfuil duine ar bith ina chónaí air anois.

Coṁoibriú Riaċtanaċ Don Iarṫar

Dá mbeaḋ míle T.D. acu, ní ṫiocfaḋ leo an tIarṫar a ṡáḃáil, muna ar ṁaiṫ leis an tIarṫar í féin a ṡáḃáil — adúirt an tAṫair Mac Duiḃir, S.C., Gleann Colmcille, agus é ag labairt le breis agus 300 daoine ag an ċéad ċruinniú de Coiste Cosanta an Iarṫair i mBéal Áṫa na Slua.

Ag cur an Aṫair Mac Duiḃir, in aiṫne don slua, dúirt an tAṫair P. Ó Duinn, Riarṫóir, Béal Áṫa na Slua, naċ raiḃ an gluaiseaċt seo ag iarraiḋ ar ḋaoine bás ḟáil ar son na hÉireann, aċ obair a ḋéanaṁ ar son na hÉireann.

Ṡocraiġ an cruinniú ar tosaiġ láiṫreaċ ar eagrú a ḋéanaṁ ar Gaillim Ṫoir agus ceapaḋ Seán Ó Caṫasaiġ, mar caṫaoirleaċ, ⁊ Diarmad Ó Congaile, O.S., rúnaí, coṁ maiṫ le C. Coillearaiġ, cisteoir don ċoiste sealadaċ.

Iarrfar ar na sagairt paráiste in gaċ ceantar, cúram a ḋéanaṁ don ṗaráiste fá ċoinne eagrú.

FURUST MAR ḊEAḊ

Ḃí bean an tí na luí tinn agus ċuaiġ fear an tí síos an staiġre le cupán té a ḋéanaṁ di. Ní fada ṫíos é gur scairt sé amaċ in-árd a ċinn as a ġuṫa: "Ní ṫig liom an té d'ḟáil. "Níl ḟios agam rud ar biṫ atá níos eascaí a ḟáil," arsa sise a ḟreagairt. "Tá sé ansin ós do coṁair ar an seilf, sa ċófra, é istiġ i mbosca cócó atá marcáilte sóid bacála!"

Táillí Leicreaċais

Labair Seán Ó Flaṫarta go láidir faoi na táillí móra a ḃí ann do ceangal tíṫe nua leis an scéim leicṫreaċas, ag Coiste Talṁaíoċta na Gaillime, le deireannaí.

Dúirt sé go raiḃ na táillí nua millteanaċ ar fad, agus gur meadaíoḋ iad fá ṫrí. ón rud a ḃí ann deiċ mbliana ó ṡin.

"Níl ceart ná cotrom ar biṫ dó seo," adúirt sé, "agus ba ċóir go mbeaḋ agóid uainne i gcoinniḃ na dtáillí seo."

"Tá sé mí-ċeart ar fad, agus gan cotrom, do ḟear a fágaḋ amuiġ an t-am deireanaċ," adúirt an tUasal Ó Flaṫarta.

Ċuaiġ na baill eile den ċoiste ag taḃairt tacaíoċt don méid adúirt an tUasal Ó Flaṫarta, ⁊ a rá ċoṁ dona agus a ḃí na táillí seo.

Dúirt an caṫaoirleaċ, Tomás Mac an Rí, go raiḃ cosúlaċt air go raiḃ gearán nó casaoid ag an Ḃord i gcoinniḃ na ndaoine nár ġlac an ċumaċt an ċéad uair, ⁊ go raiḃ sé dá ḋéanaṁ níos daoirí anois.

Ar ṁolaḋ an ċaṫaoirliġ, cinneaḋ go gcuirfí rún ċuig Bord Soláṫar an Leictreaċais, ag iarraiḋ orṫa táillí níos réasúnta a ḃaint amaċ.